

An Madra Rua agus an Portán



Lá amháin bhí madra rua is portán ag siúl le chéile cois trá.

“Tá tusa chomh mall le slimide” arsa an madra rua. “Má tá,” arsa an portán, “cuirfidh mé geall leat, go mbuafaidh mé ort i rás.”

“Ní haon mhaith duit rás liomsa,” arsa an madra rua, “mar táimse i bhfad róthapaidh duitse.”

“Fan go gcífidimid,” arsa an portán, “bíodh rás againn go dtí an gcarraig úd thall ar an dtaobh eile den dtráigh”.

Dar ndóigh, ní raibh an portán ábalta coimeád suas leis an madra rua. Cad a dhein sé ach greim a fháil ar scoth eireabaill an mhadra rua lena ordóg. Níor bhraith an madra rua aon rud. “Cuirig’ díbh!” arsa an portán.

Léim an madra rua as a bholg is chuir sé de chomh tiubh is a d’fhéadfadh sé é.

Nuair a shroich sé an charraig chas sé timpeall féachaint an raibh an portán ag teacht.

“Hé, a amadán na n-ordóg,” ar seisean, “cá bhfuileann tú anois?”

Léim an portán dá eireaball agus nuair a d’iompaigh an madra rua thar n-ais, arsa an portán,

“Dhé, amadán tú féin, táimse anso romhat le fada.”

Bhí ionadh an domhain ar an madra rua nuair a chonaic sé an portán ar an gcarraig roimhe is seo leis abhaile is a eireaball fé.

“Sea, a chladhaire,” arsa an portán, “ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí.”

Sin é mo scéal, má tá bréag ann bíodh, ní mise a chum ná a cheap é.

